AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.3.2026
COM(2026) 123 final

2023/0112 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha le haghaidh réitigh agus gníomhaíocht réitigh a chistiú agus Treoir 2014/24/AE a mhéid a bhaineann le seirbhísí luachála i gcás réitigh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

2023/0112 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i ndáil le treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Treoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha le haghaidh réitigh agus gníomhaíocht réitigh a chistiú agus Treoir 2014/24/AE a mhéid a bhaineann le seirbhísí luachála i gcás réitigh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tarchuireadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2023) 227 final – 2023/0112 COD): | An 19 Aibreán 2023. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | An 13 Iúil 2023. |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | An 24 Aibreán 2024. |
| An dáta a tarchuireadh an togra leasaithe: | Neamhbhainteach. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | An 5 Márta 2026. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Mhol an Coimisiún pacáiste ceithre ghníomh leasaitheacha chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat Bainistíochta Géarchéime Banc agus Árachais Taiscí. Ghlac na comhreachtóirí ar leithligh na leasuithe atá beartaithe ar Threoir 2014/59/AE a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (COM/2023/229 final) mar Threoir (AE) 2024/1174. Leis na trí ghníomh eile moladh leasuithe ar Threoir 2014/59/AE, ar Rialachán (AE) 806/2014 agus ar Threoir 2014/49/AE, faoi seach.

Is iad cuspóirí uileghabhálacha an togra bainistíochta géarchéime banc agus árachais taiscí cobhsaíocht airgeadais agus airgead na gcáiníocóirí a chosaint ar bhealach níos fearr, an fíorgheilleagar a chosaint ar thionchar theipeanna na mbanc agus cosaint taisceoirí a fheabhsú a thuilleadh. Is é is aidhm don togra na cuspóirí sin a bhaint amach trí fheabhas a chur ar na huirlisí bainistithe géarchéime a úsáidtear chun teip na mbanc beag agus meánmhéide a bhainistiú. Is é an phríomhuirlis chun an sprioc sin a bhaint amach é a chur ar a gcumas do na húdaráis réitigh cistí ó scéimeanna ráthaithe taiscí a úsáid chun cur chun feidhme straitéise aistrithe a mhaoiniú i gcásanna nach leor cumas ionsúcháin caillteanais inmheánach an bhainc sin chun rochtain a fháil ar an gciste réitigh.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar Threoir 2014/59/AE, a glacadh ar an gcéad léamh, léirítear go hiomlán an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air an 25 Meitheamh 2025. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin. Seo a leanas príomhphointí an chomhaontaithe sin maidir le Treoir 2014/59/AE:

- Leasaítear an measúnú leasa phoiblí trína cheangal ar na húdaráis réitigh banc a réiteach má tá aon cheann de na cuspóirí réitigh i mbaol agus mura mbainfí na cuspóirí réitigh amach ar bhealach níos éifeachtaí dá ndéanfaí an banc a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta.
- An tástáil ar an gcostas is lú chun scéimeanna ráthaithe taiscí a úsáid i gcás réitigh, déantar simpliú uirthi trí uasteorainn a chur le hidirghabhálacha scéime ráthaithe taiscí ag ollmhéid na dtaiscí faoi chumhdach, agus caomhnaítear sárthosaíocht na dtaiscí faoi chumhdach atá ann cheana féin laistigh d'ordlathas creidiúnaithe trí leibhéal níos simplí.
- Na rialacha maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí a úsáid le haghaidh cistiú réitigh, tá siad faoi réir ceanglais shainráite maidir le seicheamhú, coimircí agus comhroinnt dualgas, rud lena n-áirithítear go leanfaidh acmhainneacht ionsúcháin caillteanais inmheánach na mbanc de bheith ar an gcéad líne chosanta agus go gcosnófar airgead na gcáiníocóirí go maith.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún le torthaí na caibidlíochta idirinstitiúidí agus, dá bhrí sin, is féidir leis glacadh leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.